| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí |
| **Cur Síos:** | Sa cháipéis seo tugtar eolas cruinn do mhic léinn, bhaill foirne agus chuairteoirí ar Institiúid Oideachais Marino faoi iontráil leabharlainne agus na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfar míreanna a thógáil ar iasacht |
| **Údar (Post):** | Leabharlannaí |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Comhlacht Rialaithe AIE |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# An Beartas um Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

## 1 Comhthéacs

Tá Leabharlann Institiúid Oideachais Marino (MIE) tiomanta chun seirbhís den scoth a chur ar fáil le tacú le spriocanna foghlama, teagaisc agus taighde na hInstitúide. Sa bheartas seo leagtar amach an chaoi a soláthraíonn an Leabharlann rochtain ar agus úsáid a cuid bailiúchán chun tacú leis na spriocanna sin.

## 2 Cuspóir

2.1 Sa cháipéis seo tugtar an t-eolas is deireanaí agus cruinne faoi iontráil sa Leabharlann do mhic léinn, bhaill foirne agus chuairteoirí ar MIE agus mínítear na coinníollacha ginearálta faoinar féidir míreanna a thógáil ar iasacht.

2.2 Tá an beartas seo bunaithe ar an mbonn tuisceana go nglacann úsáideoirí freagracht as a n-iompraíocht féin agus go dtugann siad air chuí ar riachtanais úsáideoirí eile .

## 3 Tairbhí

3.1 Tá an beartas seo ceaptha chun rochtain chomhionann ar acmhainní na Leabharlainne a chinntiú do mhic léinn agus bhaill foirne MIE agus nuair is féidir do chuairteoirí creidiúnaithe.

3.2 Leis an mbeartas seo déantar cinnte go gcoimeádtar timpeallacht oiriúnach foghlama ar fud na Leabharlainne do gach úsáideoir.

## 4 Raon Feidhme

4.1 Baineann an beartas seo le gach ball cláraithe den Leabharlann.

4.2 Cuimsíonn an beartas seo acmhainní go léir na Leabharlainne.

## 5 Prionsabail

Feidhmíonn an Leabharlann chun leas gach ball foirne agus mic léinn de chuid MIE.

## 6 Beartas

### 6.1 **Mic Léinn agus Baill Foirne**

6.1.1 Tar éis go gcláraítear iad leis an institiúid cláraítear mic léinn go huathfheidhmeach mar iasachtóirí.

6.1.2 Cláraítear baill foirne mar bhaill den Leabharlann ach é sin a iarraidh.

6.1.3 Tugtar cead isteach sa Leabharlann agus pribhléidí iasachtaithe tar éis cárta aitheantais bailí do MIE a thaispeáint. Má iarrann ball foirne de chuid na Leabharlainne amhlaidh, ní mór cártaí ID a thaispeáint nó a ghéilleadh. Níl cead cártaí ID a aistriú. D'fhéadfadh go ngearrfaí fíneáil as úsáid mhícheart cárta.

6.1.4 Níl cead ag mic léinn cuairteoirí a thabhairt isteach sa Leabharlann.

### 6.2 Úsáideoirí Leabharlainne Eile

6.2.1 Féadfaidh iarscoláirí MIE bheith ina mbaill den Leabharlann ach táille bliantúil a íoc. Is é an táille reatha ná €100 in aghaidh na bliana.

6.2.2 Is é de réir rogha an Leabharlannaí a thugtar cead isteach d'úsáideoirí seachtracha.

### 6.3 Teidlíochtaí agus Tréimhsí Iasachta

6.3.1 Ní mór do bhaill foirne na Leabharlainne gach iasacht a thaifeadadh.

6.3.2 Tá mic léinn i dteideal chun sé mhír a thógáil ar iasacht ón mBailiúchán Iasachta Caighdeánaí ar feadh 14 lá. Is féidir na míreanna sin a athnuachan uair amháin. Is féidir dhá mhír a thógáil ar iasacht ón mBailiúchán Iasachta Gairide ar feadh dhá lá gan aon athnuachan.

6.3.3 Féadfaidh mic léinn atá cláraithe le Seirbhís Míchumas Choláiste na Tríonóide Ollscoil Bhaile Átha Cliath ocht mír a thógáil ar iasacht ar feadh 21 lá le dhá hathnuachan. Is féidir dhá mhír a thógáil ar iasacht ón mBailiúchán Iasachta Gairide ar feadh 5 lá gan aon athnuachan.

6.3.4 Le haghaidh Shocrúchán Scoile féadfaidh mic léinn suas le 12 mhír a thógáil ar iasacht ón mBailiúchán Iasachta Caighdeánaí agus dhá leabhar mhóra ar a mhéid le linn an tsocrúcháin chomh maith le haon athnuachan amháin.

6.3.5 Eisítear Iasachtaí Socrúchán Scoile ó thús na seachtaine ullmhúcháin.

6.3.6 Déileáiltear mar dhá thréimhse iasachta ar leithligh le tréimhse na hiasachta do Bhaitsiléir Oideachais bliain 4 agus Máistreacht san Oideachas bliain 2.

6.3.7 Féadfaidh baill foirne suas le 12 mhír a thógáil ar iasacht ar feadh 90 lá ón mBailiúchán Iasachta Caighdeánaí agus dhá mhír ar feadh 7 lá ón mBailiúchán Iasachta Gairide.

6.3.8 Is féidir an Leabharlann aon mhír atá ar iasacht a athghairm uair ar bith.

6.3.9 Ní féidir iasachtaí déanacha a athnuachan ar líne.

6.3.10 Ní fhéadfar míreanna a athnuachan atá curtha in áirithe ag iasachtóir eile.

## 7 Fíneálacha agus Pionóis

Is ionann Rialacháin na Leabharlainne agus na Rialacháin is lú atá ag teacht le feidhmiú ceart na Leabharlainne chun leas a cuid úsáideoirí. D'fhéadfadh go ngearrfaí Leabharlannaí smachtbhanna i gcás go sárófaí Rialacháin na Leabharlainne. Féadfar achomhairc i gcoinne pionóis nó cinneadh Leabharlainne a dhéanamh chuig an gCláraitheoir.
Is measc na bpionós a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá muirir riaracháin agus eile, cur amach, agus eisiamh sealadach nó buan ón Leabharlann agus/nó coigistiú maoine pearsanta arna dtógáil isteach chuig an Leabharlann nó arna n-úsáid inti i gcoinne Rialacháin na Leabharlainne. Ní bheidh an Leabharlann freagrach, ar chor ar bith, as aon mhaoin arna coigistiú ar an mbealach sin.

### 7.1 Fíneálacha

7.1.1 Gearrtar fíneálacha ar mhíreanna thar téarma ag ráta de 20 cent in aghaidh na míre le haghaidh iasachta caighdeánaí. Is í an fhíneáil i gcás iasachta gairide ná €5 in aghaidh an lae.

7.1.2 Ní ghearrtar fíneálacha le haghaidh laethanta ar a bhfuil an Leabharlann dúnta. Áirítear leo siúd Dé Domhnaigh agus laethanta saoire poiblí.

7.1.3 Beidh iasachtóirí ag a bhfuil fíneálacha a sháraíonn €5 coiscthe go huathfheidhmeach ó iasachtaí a athnuachan nó míreanna nua a thógáil ar iasacht.

7.1.4 I gcás mac léinn a thabhaigh fíneálacha mar thoradh ar bhreoiteacht is féidir nach n-iarrfaí cuid den fhíneáil nó nach n-iarrfaí an fhíneáil iomlán tar éis dóibh teastas sínithe ó chleachtóir leighis cláraithe a thaispeáint. Ní fhágfar i leataobh ach fíneálacha le haghaidh na tréimhse atá clúdaithe ag an teastas.

7.1.5 Is féidir fíneálacha a íoc i bpearsa ag Deasc Eisiúna na Leabharlainne. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh ar líne ar láithreán gréasáin MIE. Glacann an Oifig Airgeadais le híocaíocht trí chárta (ach amháin American Express) ar an nguthán.

7.1.6 D'fhéadfadh go gcoimeádfaí siar torthaí scrúdaithe mac léinn a bhfuil iasachtaí thar téarma nó fíneálacha neamhíoctha acu. Tarlaíonn sé sin murar fhill mac léinn leabhair thar téarma nó murar íoc siad fíneálacha gan íoc, d'ainneoin fógraí ríomhphoist, sular foilsíodh na torthaí scrúdaithe. Scaoilfear na Torthaí Scrúdaithe a luaithe is a bheidh cuntas leabharlainne an Mhic Léinn réitithe go sásúil.

### 7.2 Pionóis Eile

7.2.1 Má chailltear míreanna ní mór míreanna nua a chur ina n-ionad nó íoc astu. D'fhéadfadh go mbeadh muirear riaracháin i gceist.

7.2.2 Meastar gur cion é aon leabhar nó earra de chuid na Leabharlainne a mhilleadh.

7.2.3 Tá cosc ar bhia agus ar dheoch a chaitheamh gach áit sa Leabharlann. Ceadaítear uisce i mbuidéil bheaga daingne le clúdach dúnta. Níl cead aon bhia ná deoch a fhágáil ar dheasca ná sna seomraí léitheoireachta. Tá scairdeán uisce suite lasmuigh de bhealach isteach na Leabharlainne.

## 8 Freagracht

Is é an Leabharlannaí atá freagrach as beartais na Leabharlainne . Ceaptar an beartas ar aon dul leis an dea-chleachtas reatha agus léirítear ann aidhmeanna straitéiseacha MIE maidir le teagasc, foghlaim agus taighde a d'fhéadfaí a athbhreithniú.

## 9 Cáipéisí Gaolmhara

9.1 Beartas Príobháideachais MIE

9.2 Ráiteas Leabharlann MIE ar Chosaint Sonraí agus Beartas CCTV na Leabharlainne

9.3 Rialacháin Leabharlann MIE

9.4 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000